Gnéas níos sábháilte, Tástáil VEID, Sifilis, GGT agus eolas maidir le PEP sa Teanga seo d'Fhir a mbíonn Gnéas acu le Fir

PEP agus Tusa

Eolas d'Fhir Bhána agus Déghnéasacha maidir le cóir leighis tar éis risíochta leis an VEID



Foilsithe ag an nGréasán Sláinte d'Fhir Bhána 2008

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

A GHN translation project funded by Social Inclusion, HSE

FÍRICÍ PEP

- B'fhéidir go gcabhródh PEP le duine gan VEID a tholgadh
- Caithfear tús a chur leis chomh luath agus is féidir tar éis gnéis baolaí nó tar éis go raibh fadhb ann le coiscín, agus is cinnte go gcaithfear tús a chur leis laistigh de 72 uair a chloig (3 lá)
- Caithfear PEP a ghlacadh ar feadh 4 seachtain
- Bíonn foth-iarsmaí ann go hiondúil agus d'fhéadfadh said bheith gránna
- Ní féidir dul i mbannaí ar go n-oibreoidh sé
- Níl PEP ar fáil ó Dhochtúirí Teaghlaigh nó ó Chógaslanna
- Níl sé ar fáil ach ó roinnt clinicí GUM/GGT nó ó ranna Timpistí agus Éigeandála (T&É) na n-ospidéal
- Ní thabharfar PEP do gach duine atá á lorg
- Is faoi na dochtúirí sna clinicí é cinneadh a ghlacadh maidir le cé dó a thabharfar é agus déanfar sin bunaithe ar an eolas a thugtar dóibh
- Tá sé níos tábhachtaí fós béim a leagadh ar bhac a chur ar an VEID trí ghnásanna gnéis agus insteallta níos sábháilte a chleachtadh – Léigh an Leabhrán dár teideal, Bain Taithneamh as Gnéas Ach Bí Cúramach, nó tabhair cuairt ar an suíomh idirlín **www.gayhealthnetwork.ie**

Cad is brí le PEP?

Seasann PEP do Phróifiolacsas Tar éis Risíochta nó do Ghalarchosc Tar éis Risíochta. Is cúrsa cóir leighis é do dhaoine a bhí i mbaol an VEID a tholgadh le déanaí de bharr caidrimh gnéasaí nó de bharr biorrphollta.

Conas a fheidhmíonn PEP?

Feidhmíonn PEP trí iarracht a dhéanamh bac a chur ar an víreas VEID ionas nach mbeidh ar a chumas buanú sa sruth fola agus caithfear é a ghlacadh laistigh de 72 uair a chloig (3 lá) tar éis risíochta leis an VEID.

An leigheas é PEP ar an VEID?

Ní leigheas atá ann: Tá PEP éifeachtach ach ní leigheas atá ann ar an VEID. Faoi láthair níl aon leigheas ann ar an VEID. Tá cóir leighis ann atá an-éifeachtach maidir le moill a chur ar na hionfhabhtaithe a bhaineann leis an VEID ach ní hionann sin agus leigheas.

An Piolla na Maidine dár gcionn atá i PEP?

Ní hea: Ní piolla na maidine dár gcionn atá i PEP agus tá foth-airsmaí suntasacha aige. Is ionann PEP agus an cóir leighis a chuirtear ar dhaoine atá VEID+ ach amháin gur tréimhse níos giorra atá i gceist (mí amháin). B'fhéidir go mbeadh na foth-iarsmaí céanna ag cur as dóibh siúd atá ag glacadh PEP agus iad siúd atá á ghlacadh go fadthéarmach.

Cá bhfuil teacht ar PEP?

Ní feidir PEP a fháil in Éirinn seachas mar dhruga ar oideas ag clinicí sláinte gnéis (GUM nó GGT) nó clinicí VEID nó ag ranna T&É. Níl sé ar fáil ó do Dhochtúir Teaghlaigh nó i gcógaslanna. Caithfidh tú dul ag an gclinic is giorra duit nó ag an roinn T&É más rud é nach bhfuil clinic ar oscailt..

Cad ba chóir dom a dhéanamh sa chás go dtárlaíonn eachtra a chuireann i mbaol mé?

Má tá imní ort gur chuir tú thú féin i mbaol tá sé thar a bheith tábhachtach gníomhú go sciopaí. Más dóigh leat go raibh tú i mbaol ba chóir duit freastal chomh luath agus is féidir ar sholáthróir ar bith atá ar fáil, d'fhonn PEP a fháil. Ná fan go mbeidh an clinic is ansa leat ar oscailt. Tá sé intuigthe go mbeifeá corraithe maidir leis an rud is fearr gur chóir duit a dhéanamh, nó maidir leis na cúinsí a bhain leis an eachtra a chur i mbaol thú, ach mar sin féin a luaithe a ghníomaíonn tú is ea is dóichí go bhfeidhmeoidh an PEP go héifeachtach.

Cén fáth ar gá gníomhú go sciopaí?

Caithfear an PEP a ghlacadh laistigh de 72 uair a chloig (3 lá) tar éis risíochta leis an VEID má tá sé le bheith éifeachtach. A luaithe a sholáthraítear duit é is ea is fearr an seans go bhfeidhmeoidh an PEP. Go hidéalach, ba chóir go ndéanfaí é a sholáthar duit laistigh de roinnt bheag uaireannta an chloig tar éis risíochta leis an VEID.

Cad a tharlóidh más rud é nach féidir liom freastal ar sholáthróir PEP laistigh de 72 uair a chloig?

Má fhreastalaíonn tú ar sholáthróir tar éis 72 uair a chloig ní dhéanfar an PEP a thairiscint duit. Cuirfear comhairle ort tástáil a dhéanamh don VEID agus tástáil a dhéanamh arís ina dhiaidh sin in aghaidh na míosa ar feadh trí mhí.

An fiú é a lorg?

Más rud é gur tharla an risíochta laistigh de 72 uair a chloig is fiú measúnú le haghaidh an PEP a lorg. Tá treoirlínte leagtha síos maidir leis an PEP a ordú agus dá réir sin beidh roinnt ceisteanna ag an dochtúir le cur ort.

Cad iad na ceisteanna seo?

Beidh an t-eolas seo a leanas á lorg ag an dochtúir:

- Cén baol a bhí i gceist agus conas ar tharla sé
- An dócha go dtárlóidh sé arís
- An bhfuil a fhios agat an bhfuil an duine go raibh gnéas agat leo VEID+ nó nach bhfuil
- An pátrún iompraíochta atá agat maidir le baol gnéis agus leas a bhaint as drugaí
- An gcloífidh tú leis an gclár cóireála
- An bhfuil tú faoi chóir leighis eile
- Cén uair is déanaí a ndearnadh tú tástáil le haghaidh VEID
- Tástalacha roimhe seo do GGT chomh maith le vacsaínithe in éadan heipitítis
- Ar ghlac tú an PEP roimhe seo

B'fhéidir go dteastóidh ó roinnt dochtúirí a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil tú i gcomhchaidreamh seasta agus b'fhéidir go dteastóidh uathu measúnú a dhéanamh ar an acmhainn atá ionat idirbheartaíocht a dhéanamh ar ghnéas níos sábháilte a chleachtadh.

Déanfar tástáil ort le haghaidh an VEID ag tús an chláir agus beidh trí thástál leantacha ann le haghaidh an VEID d'fhonn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir. Déanfar tástáil ort chomh maith le haghaidh Heipitíteas A, B, C agus Sifilis.

Conas a bhfaighfidh mé an PEP cuí?

Más VEID+ atá an páirtí a raibh gnéas agat leis, tá sé rí-thábhachtach go dtagann sé leat ionas gur féidir an méid eolais agus is feidir a thabhairt don dochtúir maidir lena VEID agus na cógais atá á ghlacadh aige, más ann dóibh. Muna theastaíonn ón bpáirtí eile bheith i láthair, déan iarracht uimhir theileafóin theagmhála a bheith agat ionas gur féidir leis an dochtúir glaoch air. Tá sé seo tábhachtach ó thaobh an PEP cuí a fháil DUITSE.

Coimeádtar lorgaireacht teagmhálacha faoi smacht dian agus faoi rún, agus déantar é le cead na teagmhála. Ní bheidh aon eolas á lorg ag an ndochtúir ó do pháirtí seachas a stádas VEID agus a chógas.

An gá duit íoc as?

Ní gá: Ní gá duit íoc as más cógas é a ordaíodh sa chlinic GUM/STI nó sa Roinn T&É.

An feidir liom leas a bhaint as drugaí eile fad is atá an PEP á ghlacadh agam?

Tá cúis imní ann go bhféadfadh sé cur isteach ar an PEP dá mbeifeá ag baint leas as drugaí eile ach go háirithe iad siúd nach bhfuil ordaithe, rud a bhféadfadh baint d'éifeachtacht an PEP. Má tá tú ag baint leas as drugaí neamh-ordaithe tá an baol ann chomh maith nach gcuimhneofá ar do chógas a ghlacadh ag na hamanna cearta (caithfear cógas PEP a ghlacadh ag tuairim an ama céanna gach lá) agus go bhféadfaí brú a chur ar d'ae, do dhuáin agus d'orgáin eile.

Cad is frithsheasmhacht i leith VEID ann?

Séard atá i gceist maidir le frithsheasmhacht i leith cógais VEID ná nach bhfuil siad ag feidhmiú go héifeachtach a thuilleadh agus de ghnáth nach mbeifear in ann leas a bhaint as an teaglaim faoi leith sin a thuilleadh. Os rud é nach bhfuil ach líon teoranta teaglam ann tá sé tábhachtach dealraitheacht na frithsheasmhachta a laghdú. Más rud é nach nglacann tú na drugaí sa tslí cheart nó muna gcomhlíonann tú an cúrsa cógais, d'fhéadfá éirigh frithsheasmhach i leith an teaglaim sin agus d'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ann dá mbeadh gá agat le cógas VEID amach anseo.

An bhfuil imdhíonacht agam i gcoinne VEID fad is atá mé ag glacadh an PEP?

Níl: Níl imdhíonacht agat i gcoinne VEID fad is atá tú ag glacadh an PEP. Tá sé ríthábhachtach nach gcuirfeá thú féin i mbaol fad is atá tú ar an gclár. Má bhíonn gnéas baolach agat fad is atá tú ar an gclár tá an chontúirt ann go dtolgfaidh tú an VEID. Cuimhnigh chomh maith, nach gcuirfidh cúrsa comhlánaithe PEP aon bhac ar an VEID amach anseo. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí thú a ionfhabhtú sa tslí céanna le haon duine eile atá VEID-.

An gá dom leas a bhaint as coiscíní?

Is gá: Is féidir leat gnéas a bheith agat agus taithneamh a bhaint as fad is atá tú ag glacadh an PEP. Is bealach níos éifeachtaí agus níos taithneamhaí iad coiscíní, ar an VEID a sheachaint ná an PEP.

Cé mhéid uair ar féidir leat an PEP a ghlacadh?

Is iad na dochtúirí a dhéanann an cinneadh cé hé a gheobhaidh an PEP agus ní dócha go dtabhairfaidh said na drugaí costasacha agus cumhachtacha seo don duine céanna am i ndiaidh ama. Dá bhrí sin tairgfear comhairleoireacht mar gheall ar ghnéas níos sábháilte do dhuine a bhíonn gnéas baolach acu arís agus arís eile, seachas an PEP a thairiscint dóibh. Go hiondúil, cuireann foth-iarsmaí an PEP as do dhaoine agus ní theastaíonn uathu é a thógaint níos mó ná uair amháin ar aon nós.

Cá bhfuil teacht agam ar an PEP?

Tá an PEP ar fáil ag na clinicí STI/GUM seo a leanas agus tá sé ar fáil i roinnt áirithe ospidéil (sna ranna T&É).

Clinicí GGT/GUM	An bhfuil PEP ar fáil ag an gClinic?	An bhfuil Roinn T&É san Ospidéal?
Seirbhís Sláinte na bhFear Bán 19 Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4 01-6699 553 Dé Máirt 6.00 i.n. go dtí 7.30 i.n. agus Dé Céadaoin 5.30 i.n. go dtí 7.00 in.	Tá	Níl
Clinic GUIDE Ospidéal Naomh Séamus, Baile Átha Cliath 8 01 416 2315/6 Dé Luain agus Dé hAoine 9.30 r.n. go dtí 12.30 i.n. Dé Máirt agus Déardaoin 1.30 i.n. go dtí 4.30 i.n.	Tá	Níl
Ospidéal an Mater An Cuar Bhóthar Thuaidh (North Circular Road) Baile Átha Cliath 7 01 803 2063 le haghaidh coinne	Tá	Tá
Ospidéal Beaumont (Clinic tástála VEID) Baile Átha Cliath 9 01-8093006 Déardaoin 10.00 r.n. go dtí 12.30 i.n.	Tá	Rachaidh siad i dteagmháil leis an bhfoireann ID
Ospidéal Réigiúnda Luimnigh Dooradoyle 061 482382 teil – le haghaidh coinne	Tá	Níl
Ospidéal Victoria Seanbhóthar na Carraige Duibhe, Corcaigh 021 496 6844 teil – le haghaidh coinne	Tá I dteagmháil leis an bhfoireann ID	Rachaidh siad i dteagmháil leis an bhfoireann ID
Ospidéal Réigiúnda Phort Láirge 051-842646	Atreorú chuig Clinic STI Chorcaigh gan mhoill	Níl
Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh 091 580 580 bleep 469 le haghaidh coinne	Tá	Níl aon pholasaí ann maidir le baol gnéasach
Ospidéal Ghinearálta Shligigh 071 917 0473 teil – le haghaidh coinne	Tá	Tá
Ospidéal Ríoga Victoria Béal Feirste, Clinic STI/GUM 028 906 34050 (048 ó Phoblacht na hÉireann) teil – le haghaidh coinne	Tá	Glaoch teileafóin ar an gcomhairleoir (sláinte úraiginitiúil) ar ghlao-dhualgas
Ospidéal Alt na nGealbhan Doire 028 716 11269 (048 ó Phoblacht na hÉireann) teil – le haghaidh coinne	Tá	Tá